AN TSRAITH SHINSEARACH
SENIOR CYCLE

Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach

# Céard é cuspóir oideachas na Sraithe Sinsearaí in Éirinn?



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Nollaig 2018

ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach



# Brollach



Chuir 41 iar-bhunscoil ar fud na hÉireann tús le tionscadal uaillmhianach i mí na Bealtaine 2018, chun a smaointe ar chuspóir oideachas na sraithe sinsearaí in Éirinn a cheapadh agus a roinnt le CNCM agus leis an tír ar fad. Is éard atá sa téacs seo léargas ar thaipéis shaibhir na smaointe sin a tháinig chun cinn ó mhúinteoirí, scoláirí agus ó thuismitheoirí agus iad ag plé chuspóir oideachas na Sraithe Sinsearaí in Éirinn, ag fiosrú taithí na scoláirí agus ag tabhairt moltaí maidir le treonna féideartha don tsraith shinsearach amach anseo. Iarraimid ort tuairisc iomlán ESRI *Senior Cycle Review: Analysis of discussions with schools on the purpose of Senior Cycle education* atá ar fáil ag **ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach** a léamh

Tá an comhrá tosaithe, tá an t-athbhreithniú ar bun agus tá smaointe fós ag teacht chun cinn. Tá na hábhair athbhreithnithe uile ar fáil ar líne chun tacú le scoileanna eile a bheith rannpháirteach sa phróiseas má thograíonn siad é. Más mian leat a bheith páirteach sa chomhrá seo, cuir do thuairimí in iúl trí ríomhphost a sheoladh chugainn ar seniorcycle@ncca.ie ina gcuireann tú do thuairimí maidir le cuspóir Oideachas na Sraithe Sinsearaí in Éirinn in iúl.

# Cén fáth a bhfuiltear ag tabhairt faoin athbhreithniú seo ar oideachas na Sraithe Sinsearaí?

Bhí 278 meánscoil, 64 ceardscoil, 52 scoil shaothair agus 4 scoil cheartúcháin in Éirinn nuair a bunaíodh an stát sa bhliain 1922. Níor chuir ach 745 buachaill agus 250 cailín a n-oideachas sa tsraith shinsearach i gcrích ag tabhairt faoi scrúduithe na hardteistiméireachta. Tháinig athrú mór air seo sna blianta ina dhiaidh sin mar gheall ar thiomantas na hÉireann i leith an oideachais do gach duine, idir óg agus aosta. Osclaíodh spásanna agus deiseanna a raibh rochtain ag mionlach an-bheag daoine óga orthu tráth mar thoradh ar an Acht Oideachais Ghairme Beatha in 1930 agus teacht isteach oideachas iar-bhunscoile saor in aisce sa bhliain 1966. Tháinig méadú ollmhór ar líon na ndaoine a chríochnaigh oideachas na sraithe sinsearaí agus forbraíodh na roghanna a bhí ar fáil dár ndaoine óga. Áit ar chuir ní ba lú ná míle duine fásta óg an tsraith shinsearach i gcrích tráth, anois éiríonn le 56,000 scoláire oideachas na sraithe sinsearaí a chur i gcrích gach bliain.

Agus muid ag druidim le céad bliain ó bunaíodh an stát, tá sé tráthúil an taithí, na deiseanna agus na cáilíochtaí atá de dhíth ónár ndaoine óga, agus iad ag tabhairt aghaidh ar an aosacht a fhiosrú, go leanfaidh siad ag foghlaim, ag obair, ag fás agus ag forbairt mar dhaoine, mar fhoghlaimeoirí, mar fhostóirí, agus mar fhostaithe, mar shaoránaigh; agus mar cheannairí na todhchaí inár bpobail.

Mar sin, d’iarr CNCM, mar chuid de chomhfhiontar le scoileanna, ar mhúinteoirí, ar scoláirí agus ar thuismitheoirí a dtuairimí faoi chuspóir oideachas na sraithe sinsearaí in Éirinn a roinnt.


Tá léargas beag ar fáil san fheasachán gairid seo atá á léamh agat ar ghuthanna agus ar dhearcthaí na ndaoine a ghlac páirt i Sraith 1 den Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach, agus a thug freagraí ar an gceist seo, ag dearbhú na ngnéithe is fearr a bhaineann leis an gcóras atá againn faoi láthair agus ag cur dúshláin leanúnacha in iúl. Bhí taighde cuí mar thacaíocht do na pléití scoile lena n-áirítear staidéar deisce *Upper Secondary Education in Nine Jurisdictions: Overview Report*.

Fiosróidh scoileanna, i Sraith 2 den athbhreithniú seo, na conairí atá ar fáil don scoláire agus cé mhéid solúbthachta atá ar fáil faoin gcóras, nó ba cheart a chur ar fáil, chun tacú le gach scoláire a lánacmhainneacht a bhaint amach. Foilseofar an dara feasachán ansin. Ach, idir an dá linn, dírítear ar na dearcthaí éagsúla a cuireadh in iúl maidir le cuspóir oideachas na Sraithe Sinsearaí in Éirinn san fheasachán seo.



# Cé atá páirteach san Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach?

**41 scoil**



**INSCNE SCOILE**

| | |
|---|---|
| **Cailíní** | **9** |
| **Buachaillí** | **7** |
| **Measctha** | **25** |

**CINEÁL SCOILE**

| | |
|---|---|
| **Meánscoil** | **22** |
| **BOO** | **12** |
| **Scoil Speisialta** | **2** |
| **Scoil Chuimsitheach** | **5** |

**DEIS** **11**

**Lán-Ghaeilge** **4**

# Cad atá múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí ag caint faoi?



Céard iad na rudaí is fearr faoin tsraith shinsearach?

Cén chaoi a mbainfidh gach scoláire a lánchumas amach?

Céard a theastaíonn ón bhfoghlaimeoir sa tsraith shinsearach le go n-éireoidh go maith leis sa saol?

An bhfuil an tsraith shinsearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire?

Céard iad na príomhdhúshláin a bhaineann leis an tsraith shinsearach?

Cén cur síos ba cheart dúinn a dhéanamh ar rath sa tsraith shinsearach?

Cén chaoi ar cheart don tsraith shinsearach tógáil ar an tsraith shóisearach nua?

Cé na hathruithe ar an tsraith shinsearach a theastaíonn?

Cén teagasc agus foghlaim a chuireann ar chumas gach scoláire a lánchumas a bhaint amach?

# Cad atá á chloisteáil againn?

## Leagann múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí béim ar na gnéithe dearfacha a bhaineann leis an tSraith Shinsearach, lena n-áirítear:

- Deiseanna don scoláire teacht in aibíocht, forbairt phearsanta a dhéanamh agus caidrimh a neartú lena chéile agus lena múinteoirí (rinneadh tagairt go rialta don nasc a bhíonn leo siúd agus taithí na hidirbhliana).
- Foireann teagaisc ar ardchaighdeán, caidrimh aibí le múinteoirí agus múinteoirí spreagthacha.
- Modhanna éagsúla measúnaithe, cuir i gcás, obair thionscadail, obair atá bunaithe ar phunann, deiseanna maidir le codanna den fhoghlaim a bhaineann le cumarsáid ó bhéal agus measúnuithe nach bhfuil an brú céanna ama leo agus a bhfuil am eatarthu ar fud na sraithe sinsearaí.
- An córas scrúdaithe reatha atá oibiachtúil, cothrom a bhfuil ard-mheas ag daoine air.
- Modhanna teagaisc éagsúla, lena n-áirítear comhphlé ranga, foghlaim phiara, foghlaim i mbeirteanna agus i ngrúpaí.
- Deiseanna i gcomhair taithí oibre agus naisc leis an bpobal áitiúil agus le gnólachtaí áitiúla.
- Béim ar an gcúram tréadach.
- Tacaíochtaí ar nós tacaíochta foghlama, béim ar an gcuimsiú, agus ar mheantóireacht.
- Timpeallacht dhearfach scoile.
- Gníomhaíochtaí seach-churaclaim.


Cuimsiú agus idirdhealú
Modhanna éagsúla teagaisc
Ábhair éagsúla
Cothromaíocht agus oibiachtúlacht
Modhanna éagsúla measúnaithe
Éagsúlacht clár agus conairí
Tacaíochtaí le haghaidh
Meantóireacht agus cúram tréadach
Múinteoirí spreagúla
Caidrimh aibí
Timpeallacht na scoile
Ullmhúchán don saol
Naisc leis an bpobal
Gairmthreoir
Taithí oibre
Gníomhaíochtaí seach-churaclaim

# Cad atá á chloisteáil againn?

## Tharraing múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí aird freisin ar na dúshláin a bhaineann leis an gcóras reatha, lena n-áirítear:

- Ní chuirtear an luach céanna ar scileanna/ábhair/chláir ghairmiúla, phraiticiúla ná chruthaitheacha.
- Imní maidir le folláine an scoláire. Tharraing tuismitheoirí aird ar an deacrach a bhíonn le spéiseanna pearsanta, gníomhaíochtaí fóillíochta, rannpháirtíocht i spórt agus obair pháirtaimseartha a choinneáil ag imeacht. Luaigh scoláirí go mbíonn easpa am saor ann le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí seach-churaclaim, i gcomhair caidrimh shóisialta agus i gcásanna áirithe le codladh a fháil. Chuir múinteoirí in iúl go mbíonn brú ann thar na seacht n-ábhar agus go mbíonn tionchar aige sin ar fholláine an scoláire.
- Dúshláin a bhaineann leis an idirbhliain, lena n-áirítear bacainní airgeadais lena dhéanamh; bacainní tíreolaíochta don rannpháirtíocht (ní chuireann roinnt scoileanna an idirbhliain ar fáil) agus deacracht díriú isteach ar an obair acadúil i ndiaidh na hidirbhliana.
- Ualach oibre an-mhór agus curaclam a bhfuil an iomarca ábhar ann agus bíonn brú ama i gceist ansin dá bharr.
- Cuirtear an iomarca béime ar scrúduithe agus bíonn strus agus imní ann mar gheall air sin agus i gcásanna áirithe bíonn níos lú spreagtha ag an scoláire chomh maith. Dírítear i bhfad an iomarca ar na scrúduithe sna meáin chumarsáide agus bíonn easpa deiseanna ann tabhairt faoi scrúduithe i gcás ina mbíonn scoláire tinn.
- Bíonn strus ar an scoláire mar gheall ar rás na bpointí agus roghnaítear an t-ábhar, an leibhéal agus/nó an clár mícheart nach luíonn le spéiseanna, cumais agus/nó inniúlachtaí an scoláire dá bharr.

Bíonn buntáiste míchothrom ag teaghlaigh atá in ann íoc as an dianteagasc mar gheall ar chultúr an dianteagaisc agus cuireann sé seo éilimh bhreise ar an méid ama saoir, agus é teoranta cheana féin, a bhíonn ag an scoláire.

- Cuirtear luach éagsúil ar ardleibhéal agus ar ghnáthleibhéal i dtimpeallacht na scoile agus i gcóras na bpointí. Tugadh raon dúshlán do mhúinteoirí agus do scoláirí mar gheall ar na pointí breise a thugtar don Mhatamaitic.
- Breathnaíodh ar an ngairmthreoir mar rud dearfach agus mar dhúshlán sa chóras. Tugadh le fios go bhfuil an seans ann go dteastóidh níos mó tacaíochta; ba cheart béim ar chur ar bhealaí éagsúla agus ní ar an ardoideachas amháin; agus féadfaidh go bhfuil roinnt scoláirí ró-óg chun roghanna maidir lena saol go fadtéarmach a dhéanamh.
- Béim ar rudaí a fhoghlaim de ghlanmheabhair agus easpa béime ar ardscileanna smaointeoireachta criticiúla. Tugadh an iarmhairt a bhaineann leis na scrúduithe deiridh agus leis an bhfoghlaim chun solais. Cuireadh imní in iúl go mbreathnaítear ar na scrúduithe mar scrúdú ar an gcuimhne agus ní mar scrúdú ar an intleacht.
- Na hionchais a bhíonn ag tuismitheoirí agus ag an teaghlach agus an tionchar a bhíonn ag na hionchais sin ar an scoláire agus an mbíonn siad mar spreagadh nó mar strus dó.
- Dúshláin maidir le scileanna boga ar nós spreagadh, freagrachta, tinreamh, agus foghlaim neamhspleách.
- Níl aon chlár don tsraith shinsearach ann faoi láthair a leanann ar aghaidh ó Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 do scoláirí a bhfuil riachtanais oideachais shuntasacha acu.
- Easpa rochtana ar an ardoideachas ón gclár ATF agus baineann stiogma leis an gclár.

# Céard é cuspóir oideachas na Sraithe Sinsearaí?

## Dheimhnigh múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí gur cheart d’oideachas na sraithe sinsearaí, sa lá atá inniu ann agus sa todhchaí, deiseanna agus taithí a chur ar fáil

### Iarraidh ar an scoláire eolas a chur i bhfeidhm agus scileanna a fhorbairt

Chuir múinteoirí agus tuismitheoirí béim ar ord ceisteanna, ar an smaointeoireacht chriticiúil, ar réiteach fadhbanna, ar phróiseáil faisnéise, ar an bhfoghlaim neamhspleách agus chomhoibríoch agus an tábhacht a bhaineann le deiseanna agus eolas a chur i bhfeidhm. Síleadh go bhfuil scileanna taighde, anailíseacha, scríbhneoireachta, cumarsáide, cuir i láthair agus digiteacha tábhachtach. Rinneadh tagairt don chruthaitheacht agus don nuálaíocht chomh maith, ach ní chomh minic sin.

### Cur lena fhorbairt phearsanta féin

Chuir múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí béim ar an tábhacht a bhaineann le scileanna boga a fhorbairt, ar nós teacht aniar, féinmhuiníne, freagracht phearsanta, scileanna idirphearsanta agus inphearsanta, féinghlacadh agus muiníne, trua, comhbhá, féinbhainistíochta agus grá don fhoghlaim. Chuir siad béim ar an tábhacht a bhaineann le hoideachas caidrimh agus gnéasachta freisin. Síleadh go bhfuil tábhacht le scileanna a theastaíonn sa saol i ndiaidh na scoile i réimsí ar nós scileanna bainistíochta airgid, cócaireachta, DIY, tiomána, garchabhrach agus agallaimh i gcomhair poist.

### Tógáil i dtreo todhchaí éagsúil

Aithníonn múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí go bhféadfaidh leis an scoláire an iliomad conairí a roghnú i ndiaidh na scoile lena n-áirítear an t-ardoideachas agus breisoideachas, printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus fostaíocht nó meascán de roinnt de na conairí seo. Tugadh le fios go gcuirtear an iomarca béime faoi láthair ar aistriú chuig an ardoideachas agus nach gcuirtear dóthain béime ná luacha ar chonairí eile ná ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.

### Cur le saoránach atá go hiomlán rannpháirteach sa tsochaí agus sa gheilleagar

Ba mhaith le múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí dá gcuirfí níos mó béime ar ghaiscí neamh-acadúla ar nós iarrachta agus tiomantais, rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí scoile agus pobail agus obair dheonach. Ba mhaith le scoláirí go mbeadh tuairisc níos iomlánaí ar a ngaiscí ag deireadh na sraithe sinsearaí. D'aontaigh múinteoirí leis seo méid áirithe ach bhí ceisteanna acu maidir leis an mbealach is fearr lena bhaint amach.

**Thug múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí le fios gurb é an cuspóir is mó a bhaineann le hoideachas na sraithe sinsearaí cuidiú le gach duine fásta óg a lánacmhainneacht a bhaint amach.**

# Cad iad na pointí plé a tháinig chun cinn?

**Dheimhnigh múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí gur cheart d'oideachas na sraithe sinsearaí, sa lá atá inniu ann agus sa todhchaí, deiseanna agus taithí a chur ar fáil**

- An bhfuil an córas reatha uileghabhálach i dtaca le gach duine fásta óg, go háirithe i dtaca le daoine fásta óga ar mhaith leo dul isteach i saol na hoibre agus daoine fásta óga a bhfuil riachtanais oideachais bhreise acu? An bhfuil sé uileghabhálach i dtaca leis an scoláire a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise aige agus leis an scoláire ó chúlra mionlach, cuir i gcás an lucht siúil? An dtugtar dóthain tacaíochta don scoláire atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil agus sóisialta?
- De réir mar a mholtar an fhoghlaim a chur in iúl ar bhealaí éagsúla cuir i gcás obair thionscadail, obair ghrúpa agus trí na teicneolaíochtaí digiteacha, cén chaoi a ndéanfaí measúnú iontaofa orthu? Ar cheart raon modhanna measúnaithe ní ba leithne a chur le scrúduithe deiridh seachas iad a úsáid in áit scrúduithe deiridh?
- An bhféadfadh córas athbhreithnithe cumais phearsanta, rannpháirtíocht sa phobal agus na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn taobh istigh den scoil agus tar éis na scoile a aithint agus luach a chur orthu? An bhféadfaí na hinniúlachtaí seo a aithint i ndiaidh na hidirbhliana agus sa 5ú agus sa 6ú bliain? Dá bhféadfaí, cén chaoi?
- Cén tionchar a bheidh ag an easpa leanúnachais a bhraitear idir an tsraith shóisearach athbhreithnithe agus an tsraith shinsearach reatha ar scoláirí? Ar cheart don tsraith shinsearach tógáil ar na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm ar an tsraith shóisearach nó an bhfuil sé róluath a mheas? Dheimhnigh múinteoirí agus scoláirí éagsúlacht i dtaca le


modhanna teagaisc agus measúnuithe agus cuireadh raon leathan deacrachtaí in iúl maidir le bealaí inar féidir modhanna measúnuithe a leathnú.

- An féidir linn an meas céanna agus glacadh níos mó a chothú i leith roghanna an scoláire maidir le cláir/conairí éagsúla, roghanna ábhar agus ardleibhéal agus gnáthleibhéal?
- An bhfuil an raon ábhar atá ar fáil sách leathan? Cé mhéid ábhar ar cheart don scoláire staidéar a dhéanamh orthu? Ar cheart go mbeadh gach ábhar ina ábhar roghnach nó ar cheart go mbeadh roinnt ábhar riachtanach? Ar chóir níos mó machnaimh a dhéanamh ar oiriúnacht agus infheidhmeacht ábhair? Thug formhór na scoláirí, tuismitheoirí agus roinnt scoileanna le fios gur cheart go mbeadh gach ábhar roghnach. Thug formhór na scoláirí agus roinnt scoileanna le fios gur cheart go mbeadh an rogha ag an scoláire tabhairt faoi níos lú ná seacht n-ábhar. Chuir tuismitheoirí ó go leor scoileanna in iúl gurbh fhearr leo oideachas leathanbhunaithe ach gur mhaith leo go gcuirfí níos mó béime ar scileanna a theastaíonn sa saol mar dhuine fásta.
- An féidir leis an teagasc do chumais éagsúla dóthain idirdhealaithe a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais gach scoláire?
- An mbeidh dóthain acmhainní agus forbartha gairmiúla leanúnaí ar fáil do scoileanna a chuireann na hathruithe molta i bhfeidhm? Céard é an cumas chun athrú sa chóras agus cé na himpleachtaí a bheadh aige d'ualach oibre na scoláirí agus na múinteoirí?

**Beidh deis sa dara sraith den athbhreithniú, ina ndíreofar ar chonairí agus ar sholúbthacht in oideachas na sraithe sinsearaí, chun na ceisteanna seo a fhiosrú ag leibhéal níos mionsonraithe.**



## Cé a d’fhreastail ar an gcéad sraith de sheimineáir náisiúnta?



# Seimineáir náisiúnta



Bhí sraith Seimineár Náisiúnta ag CNCM i mí na Samhna 2018 i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh chun deis a thabhairt do scoileanna machnamh a dhéanamh ar na príomhthéamaí atá ag teacht chun cinn agus chun an comhrá sin a leathnú chuig lucht éisteachta níos leithne. Ghlac múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí ó scoileanna rannpháirteacha páirt sna himeachtaí seo mar chainteoirí agus mar phainéalaithe, mar aon le comhghleacaithe ó ESRI (an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta), a thug breac-chuntas ar na príomhthéamaí atá ag teacht chun cinn ó scoileanna; an tOmbudsman do Leanaí; comhghleacaithe ó scoileanna oideachais tríú leibhéal; agus IBEC (Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann).

Iarradh ar na daoine a bhí i láthair machnamh a dhéanamh ar an seimineár agus, más mian leo, aiseolas a thabhairt do CNCM ag cur a dtuairimí féin in iúl maidir le cuspóir na Sraithe Sinsearaí. Tá an cuireadh seo fós bailí agus is féidir do thuairimí a chur in iúl ach ríomhphost a sheoladh chuig **seniorcycle@ncca.ie**. Más mian leat freastal ar cheann dár seimineáir i mí Feabhra, seol ríomhphost chugainn ag **seniorcycle@ncca.ie** agus déanfaimid ár ndícheall freastal ort.


SENIOR PREFECT

# Na chéad chéimeanna eile le haghaidh athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí



Seoladh tuairiscí ó mhúinteoirí, ó scoláirí agus ó thuismitheoirí ón 41 scoil a bhí páirteach sa phlé seo ar chuspóir oideachas na sraithe sinsearaí in Éirinn chuig ESRI (an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta) le hanailís a dhéanamh orthu i mí Dheireadh Fómhair 2018. I ndiaidh tréimhse ina ndearnadh anailís, sintéis agus machnamh dian ar na tuairiscí seo, d'fhoilsigh ESRI páipéar oibre *Senior Cycle Review: Analysis of discussions in schools on the purpose of senior cycle education in Ireland*, a bhfuil sé mar aidhm aige cuspóirí i leith oideachas na sraithe sinsearaí a chuir na scoileanna sin in iúl a léiriú. Tháinig na léargais uile a luaitear thuas ón gcáipéis seo, ach chun an scéal iomlán a fháil téigh chuig páipéar oibre ESRI atá ar líne ar **https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach**

Anois beidh scoileanna ag breathnú ar chonairí éagsúla agus ar sholúbthacht in oideachas na sraithe sinsearaí, ag fiosrú a oiread a sholáthraíonn an córas reatha conairí do gach scoláire agus an tsolúbthacht a bhíonn ann maidir le cén áit, conas agus cad a fhoghlaimíonn an scoláire. Cuirfear Seimineáir Náisiúnta ar fáil – i Luimneach, i bPort Láirge, i mBaile Átha Luain agus i Sligeach – i ndiaidh an dara céim den athbhreithniú. Cuirfidh ESRI an dara páipéar oibre le chéile agus beidh feasachán, cosúil leis an gceann seo, curtha i dtoll a chéile le hachoimre a thagann chun cinn ó na scoileanna. I ndeireadh na dála, foilseofar tuarascáil ghinearálta ina ndéanfar moltaí chun dul i ngleic leis na príomhthéamaí a thagann chun cinn ó scoileanna i gcomhair sainchomhairliúchán poiblí in earrach 2019.



# Léirigh do thuairimí



Tá an comhrá tosaithe, tá an t-athbhreithniú ar bun agus tá smaointe fós ag teacht chun cinn. Dá mba mhaith leat a bheith páirteach sa chomhrá seo, cuir do thuairimí in iúl trí ríomhphost a sheoladh chugainn ar seniorcycle@ncca.ie ina gcuireann tú do thuairimí maidir le cuspóir Oideachas na Sraithe Sinsearaí in Éirinn in iúl. Is féidir teacht ar cheisteanna taighde a thacaíonn le plé ó mhúinteoirí, ó scoláirí agus ó thuismitheoirí na sraithe sóisearaí ar **https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach**.

## Tá na foilseacháin seo a leanas i measc an taighde a thacaíonn leis an bplé ar chuspóir na sraithe sinsearaí

- *Upper Secondary Education in Nine Jurisdictions: Overview Report (NCCA, 2018)*
- *Student Stress and the Leaving Certificate (ESRI, 2015)*
- *Predictability in the Irish Leaving Certificate (Oxford University Centre for Educational Assessment 2014)*
- *Entry to Higher Education in Ireland in the 21st Century (2011)*
- *The Future of Education and Skills (Education 2030, OECD, 2018)*
- *Towards a Reskilling Revolution (World Economic Forum, 2018)*
- *Eight Futures of Work (World Economic Forum, 2018)*

Is féidir teacht ar an taighde seo ar **www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach**.

# Nótaí

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach